Comhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí

Ráitis Airgeadais

Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2011

CLÁR NA nÁBHAR

	Leathanach
Riarachán	2 - 3
Tuarascáil na gCoimisinéirí	4 - 6
Ráiteas ar Fhreagrachtaí na nIontaobhaithe	7
Tuarascáil na nIniúchóirí	8 - 9
Clár Comhardaithe	10
Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas	11
Cuntas Caipitil	12
Nótaí leis na Ráitis Airgeadais	13 - 15
Anailís ar Infheistíochtaí	15 - 22

Riarachán

Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn ("na Coimisinéirí")

An tUasal Onórach Francis D. Murphy, Cathaoirleach.
Colm Gaynor B.C.L., Aturnae.
An Breitheamh Onórach Declan N.O. Budd.
An tArd-Déagánach Urramach C.S. Linney.
An Breitheamh Onórach Mary Laffoy.
Iníon Mary Geraldine Miller, B.L.
An Moinsíneoir Fíor-Oirmhinneach John Wilson.
Daphne Tease Uas. B.A., F.C.A.
An tUas. Peter H. Mullock F.C.A.
An tUas. Graham Richards B.A., Aturnae.
An Breitheamh Mary Irvine.

Rúnaí

An Iníon Orla Barry Murphy B.C.L., Aturnae

Oifig Chláraithe

12 Sráid an Chláraigh,
Baile Átha Cliath 2.

Aturnaetha

19 Plás Hoirbeaird,
Baile Átha Cliath 2

Iontaobhaithe

Bainisteoirí Infheistíochta AIB Teo. (ar scór ón 01 Meitheamh 2012)
Teach Infheistíochta AIB
Plás Percy
Baile Átha Cliath 4

Bainisteoirí Infheistíochta Prescient (Éire) Teo. (arna gceapadh an 01 Meitheamh 2012)
8 - 34 Plás Percy
Baile Átha Cliath 4

Caomhnóir

Bank of New York Mellon
4ú hUrlár
Foirgneamh Hanover
Lána an Mhuilinn Ghaoithe
Baile Átha Cliath 2

Príomh-Bhaincéirí

Bainisteoirí Infheistíochta AIB Teo.
Teach Infheistíochta AIB,
Plás Percy,
Baile Átha Cliath 4

Permanent TSB
70 Sráid Grafton,
Baile Átha Cliath 2

Iniúchóirí

BDO
Iniúchóirí Cláraithe
Teach Lána Beaux
Sráid Mercer Íochtarach
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil na gCoimisinéirí

Déanann na Coimisinéirí a dtuarascáil bhliantúil agus a ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 a chur i láthair.

Struchtúr Eagrúcháin agus aidhmeanna an Chiste

Faoi na hAchtanna Carthanas, 1961 agus 1973, sainordaítear do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn ("na Coimisinéirí") seirbhísí a chur ar fáil d'iontaobhaithe carthanais agus cabhrú le cloí lena bhfuil ar intinn daoine atá ag tabhairt tabhartas agus tiomnachtaí do charthanacht.

Bunaíodh Comhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí ("an Ciste") i mí Aibreáin 1985 faoi scéim ionchorprúcháin ("an Scéim") ag na Coimisinéirí de bhun Alt 46 d'Acht na gCarthanas, 1961.

Is iad na Coimisinéirí caomhnóirí shócmhainní na gcarthanas éagsúil a cuireadh ar a n-iontaoibh de bhun Alt 31 d'Acht na gCarthanas, 1961. Déanann na Coimisinéirí, thar ceann an charthanais a ndílsítear na sócmhainní ann, na sócmhainní a shealbhú ar iontaobhas:

- le haghaidh na n-iontaobhas agus na gcuspóirí ar dílsíodh na sócmhainní ina leith; nó
- le haghaidh na n-iontaobhas nó na gcuspóirí atá ar marthain nó a d'fhéadfadh teacht i bhfeidhm.

Féadfaidh na Coimisinéirí ceapadh a dhéanamh ar aon duine a mheasann siad a bheith oiriúnach do ghníomhú mar iontaobhaí agus do shócmhainní Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí a riar.

Ba iad Bainisteoirí Infheistíochta AIB Teo. iontaobhaithe na scéime don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011, dár díoladh a dtrádáil do Bhainisteoirí Infheistíochta Prescient (Éire) Teo. an 01 Meitheamh 2012.

Is éard atá sa Scéim ná forálacha lena mionsonraítear cumhachtaí infheistíochta iontaobhaithe na Scéime; scairchlár a bhunú; bonn luachála le haghaidh infheistíochtaí; dáileacháin díbhinní (a ghlacfar mar chúram ar bhonn leathbhliantúil i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag) chomh maith le forálacha maidir le haistarraingtí ón gCiste agus breiseanna leis an gCiste.

Is ionann an ciste agus €29 milliún ar fad agus tá sé á bhainistiú ar bhonn lánroghnach ag Bainisteoirí Infheistíochta Prescient Teo. Is iad na hinfheisteoirí sa Chiste ná carthanais chláraithe nó iontaobhais eile charthanais a ligeann na Coimisinéirí dóibh, faoina rogha féin, a bheith mar infheisteoirí sa Chiste. Déantar infheistíocht trí aonaid a cheannach, bunaithe ar phraghsanna aonaid a shocraítear don Chiste an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig nó ag aon am a mheasann na Coimisinéirí a bheith iomchuí. Socraítear sóinseálacha trí fhuascailt aonad a shealbhaítear agus socraítear praghsanna fuascailte dhá uair sa bhliain, faoi mar atá sé thuas.

Freagraíonn na praghsanna aonaid do raon tairisceana is atairisceana 1% a fhanann laistigh de luach an Chiste chun a chinntiú nach n-imríonn infheistiú/dí-infheistiú ag sealbhóirí eile aonaid drochthionchar ar shealbhóirí aonaid. Íoctar díbhinn nó dáileachán le sealbhóirí aonaid i leith na leathbhliana dar críoch an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig. B'ionann dáileacháin iomlána a íocadh i leith 2011 agus 14.45 cent (2010: 14.20 cent)

Tá scéim athinfheistíochta díbhinne i bhfeidhm. Tugann sí an rogha do shealbhóirí aonaid ioncam díbhinne a fháil mar airgead tirim nó athinfheistiú sa Chiste, rud a bhfreagrófaí dó le haonaid bhreise ag deireadh mhí an Mheithimh nó ag deireadh mhí na Nollag, de réir mar is cuí.

Níl infheisteoirí sa Chiste faoi ráthaíocht maidir lena n-infheistíocht ar bhealach ar bith. Baineann meánleibhéal foriomlán riosca leis an gCiste. Ní ciste airgid thirim é. Infheistítear é ar mhaithe le hioncam agus fás caipitil a ghnóthú san fhadtéarma. Ina leith sin, tabhair faoi deara go bhféadfadh méadú agus laghdú teacht ar phraghas na n-aonad a shealbhaítear agus go bhféadfadh infheisteoir suim a fháil atá níos lú ná an tsuim a d'infheistigh sé/sí.

Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

Ba mar seo a leanas a bhí an meascán infheistíochtaí a chuimsigh caipiteal an chiste amhail deireadh mhí na Nollag 2011:

Cothromas:	
Éire	4.3%
An Ríocht Aontaithe	16.0%
Eoraip Eile	14.9%
SAM	17.1%
	52.3%
Bannaí	37.8%
Réadmhaoin	7.0%
Airgead Tirim	2.9%
	100%

Príomhghníomhaíochtaí

Is é príomhchuspóir fadtéarmach infheistíochta na gCoimisinéirí ná féachaint le hurrús agus toradh barrmhaith a bhaint amach, ag féachaint do riachtanais ghiniúna ioncaim agus fháis chaipitil na dtairbhithe agus ag tabhairt airde ar imthosca margaidh i gcoitinne. Is éard atá i gceist anseo ná féachaint leis an toradh ar shócmhainní infheistithe a uasmhéadú, faoi réir riachtanais ioncaim agus leachtachta na dtairbhithe.

Tacaíonn na cuspóirí infheistíochta mionsonraithe leis na cuspóirí infheistíochta ardleibhéil sin:

a) Punann éagsúlaithe sócmhainní. Ba cheart éagsúlú a bheith laistigh de chatagóir sócmhainne agus freisin idir cineálacha éagsúla sócmhainne.
b) Leibhéal dóthanach sócmhainní airgeadaíochta (e.g. ús seasta/airgead tirim). Bhainfí úsáid as an ngné sin chun riachtanais leanúnacha sreabhadh airgid a chomhlíonadh.
c) Sócmhainní réadacha dóthanacha. Tá sócmhainní réadacha ag teastáil chun éifeachtaí an bhoilscithe ar íocaíochtaí airgid amach anseo a neodrú den chuid is mó.

Torthaí agus díbhinní

Tá an ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 leagtha amach ar leathanach 11. B'ionann an Glan-Ioncam agus €1,093,164 (2010: €1,037,506).

Rioscaí bunairgid agus neamhchinnteachtaí

Aithníonn na Coimisinéirí go mbaineann méid éigin riosca (i.e. is anaithnid atá an luach sa todhchaí) le gach infheistíocht agus bíonn an riosca éagsúil idir ranganna sócmhainne. Níor cheart glacadh le straitéis ag a bhfuil próifíl riosca níos airde ach sa chás go bhfuil ionchas réasúnach go dtabharfadh sí toradh atá i bhfad níos mó ná an toradh a thabharfadh straitéis ag a bhfuil próifíl riosca níos ísle.

Tuarascáil na gCoimisinéirí (ar lean)

Beartas infheistíochta agus feidhmíochta

Is mar seo a leanas atá beartas reatha na gCoimisinéirí:

a) Infheistiú de réir Acht na gCarthanas, 1961 agus 1973, chomh maith le gach ordú aire lena mbaineann;
b) Ceadú a dhéanamh ar infheistíochtaí i Stoic Rialtais in aon tír is ball den Aontas Eorpach nó ar infheistíochtaí eile Iontaobhaithe de réir na bhforálacha atá sa chéad sceideal den Ordú Iontaobhaithe, 1998 nó den Ordú Iontaobhaithe (leasú), 2002;
c) Cead a thabhairt don chiste coinneáil a dhéanamh ar aon infheistíocht in urrúis nó i ngabháltais in aon Iontaobhas Aonad Neamhúdaraithe a sealbhaíodh roimh dháta an Chomhaontaithe um Bainistiú Infheistíochta;
d) Bainistiú infheistíochta na sócmhainní a tharmligean do shaineolaithe aitheanta;
e) Bainisteoir amháin a choinneáil chun na sócmhainní a bhainistiú;
f) Bainistiú na sócmhainní a tharmligean don Iontaobhaí;
g) Iarraidh ar an mBainisteoir cur chuige infheistíochta atá gníomhach agus cothrom a úsáid, i.e. laistigh de threoirlínte an-leathan agus de chonstaicí íosta infheistíochta. Tá lánrogha iomlán ag an mBainisteoir maidir le dáileadh an chiste i measc margaí agus ranganna sócmhainne agus maidir leis an roghnú stoc etc. laistigh de na ranganna sin;
h) Treoirlínte agus constaicí infheistíochta a shocrú atá ceaptha ar mhaithe le dáileacháin sócmhainne atá do-ghlactha go hiomlán do na Coimisinéirí a chur as an áireamh amháin;
i) Sainchuspóirí feidhmíochta a shocrú a thugann aird ar na treoirlínte/constaicí infheistíochta arna socrú ag na Coimisinéirí agus ar an leibhéal riosca atá inghlactha dóibh;
j) Iarraidh ar an mBainisteoir caomhnóireacht agus coinneáil shábháilte na sócmhainní a tharmligean do Bank of New York (“an caomhnóir”).

Figiúirí feidhmíochta go dtí an 31 Nollaig 2011.

Bliain amháin	+0.7%
Trí Bliana	+5.8% (bliantúlaithe)
Cúig Bliana	-4.2% (bliantúlaithe)

Iniúchóirí

Chuir BDO, Iniúchóirí Cláraithe, in iúl go bhfuil siad toilteanach leanúint ar aghaidh mar iniúchóirí ar Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí.

Colm Gaynor_____ _Francis D. Murphy_____
Coimisinéir **Coimisinéir**

an 21 Samhain, 2013

Ráiteas ar Fhreagrachtaí na nIontaobhaithe

Éilíonn an Scéim ar an iontaobhaí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom ar staid chúrsaí an Chiste chomh maith le clár comhardaithe, cuntas caipitil agus ráiteas ar ioncam agus ar chaiteachas. Ceanglaítear ar iontaobhaí na Scéime na nithe seo a leanas agus na ráitis airgeadais seo á gcur i dtoll a chéile:

- polasaithe cuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- sonrú cé acu a leanadh nó nár leanadh caighdeáin infheidhmithe chuntasaíochta agus ráitis chleachtais mholta faoi réir aon imeachta ábhartha atá nochta agus mínithe sna ráitis airgeadais; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé neamhchuí le toimhdiú go leanfaidh an ciste ar aghaidh i mbun oibre.

Dearbhaíonn na hiontaobhaithe gur chomhlíon siad na riachtanais thuas agus na ráitis airgeadais á réiteach.

Tá iontaobhaithe na scéime freagrach as taifid chuntasaíochta iomchuí a choinneáil, a nochtann go réasúnta cruinn ag aon tráth staid airgeadais an Chiste agus a ligeann d'iontaobhaithe na Scéime a chinntiú gur réitíodh na ráitis airgeadais de réir rialacha na Scéime. Tá freagracht ar iontaobhaithe na Scéime chomh maith as sócmhainní an Chiste a chosaint agus as céimeanna réasúnta a thabhairt le calaois agus le mírialtachtaí eile a bhrath agus a chosc.

Niall Markey_____ __Joe O'Donnell_____
Iontaobhaí **Iontaobhaí**
Stiúrthóir agus Rúnaí **Ceann Oibríochtaí.**

an 21 Samhain, 2013

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí ar leathanaigh 10 go dtí 14 a chuimsíonn an Clár Comhardaithe, an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas, Cuntas Caipitil agus na nótaí gaolmhara. Cuireadh na ráitis airgeadais seo i dtoll a chéile faoi Chleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn agus faoi na polasaithe cuntasaíochta atá leagtha amach ar leathanach 13.

Chuathas i mbun ár gcuid oibre iniúchóireachta ionas go bhféadfaimis na nithe ar gá dúinn a lua do Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn faoinár litir theagmhála i dtuarascáil iniúchóirí neamhspleácha a lua dóibh agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid agus ní ghabhaimid aon dliteanas orainn féin maidir le haon duine seachas Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn mar chomhlacht, as ár n-obair iniúchta, don tuarascáil seo agus do na tuairimí atá déanta againn.

Freagrachtaí faoi seach na nIontaobhaithe agus na nIniúchóirí
Tá freagrachtaí na nIontaobhaithe leagtha amach sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na nIontaobhaithe ar leathanach 7. Is é an fhreagracht atá orainn ná na ráitis airgeadais a iniúchadh de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus tuairisc a thabhairt daoibh i dtaobh ár dtuairime faoi cibé acu an dtugtar nó nach dtugtar léargas fírinneach cóir sna ráitis airgeadais, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn. Ina theannta sin, sonraímid cibé acu an bhfuaireamar nó nach bhfuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaíonn uainn inár n-iniúchadh, cibé acu ar choinnigh nó nár choinnigh na hiontaobhaithe leabhair iomchuí chuntais agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil ráitis airgeadais Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí i gcomhréir leis na leabhair chuntas.

Bunús na tuairime
Thugamar faoinár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) arna n-eisiúint ag an mBord um Chleachtais Iniúchóireachta. Áirítear le hiniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, ar fhianaise lena mbaineann suimeanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, áirítear measúnú leis an iniúchadh ar na meastacháin agus ar na breithiúnais thábhachtacha a thug Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn i rith ullmhú na ráiteas airgeadais, agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na polasaithe cuntasaíochta oiriúnach do chás Choimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn, curtha i bhfeidhm go leanúnach agus nochta go cuí.

Phleanálamar agus thugamar faoinár n-iniúchadh d'fhonn an fhaisnéis agus na mínithe uile a fháil a shíleamar a bhí riachtanach chun dóthain fianaise a chruthú le cinntiú nach bhfuil míráiteas ábhartha, bíodh calaois nó neamhrialtacht nó earráid eile ina mbonn leis, sna ráitis airgeadais. Agus ár dtuairim á cruthú againn, rinneamar measúnú freisin ar oiriúnacht iomlán chur i láthair na faisnéise sna ráitis airgeadais.

(ar lean)

Tuarascáil na nIniúchóirí Neamhspleácha chuig Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn (ar lean)

Tuairim

Inár dtuairim, tugann na ráitis airgeadais léargas fíor agus cothrom, de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh Ginearálta leis in Éirinn, ar staid chúrsaí Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí amhail an 31 Nollaig 2011 agus ar ioncam agus chaiteachas Chomhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí don bhliain sin.

Fuaireamar an fhaisnéis agus na mínithe uile a theastaigh uainn inár n-iniúchadh. Is é ár dtuairim é gur choimeád Comhchiste Infheistíochta na gCoimisinéirí leabhair chuntas iomchuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntas.

BDO an 21 Samhain, 2013

BDO **Dáta**

Iniúchóirí Cláraithe

Baile Átha Cliath

CLÁR COMHARDAITHE
Amhail an 31 Nollaig 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Infheistíochtaí	**2**	**24,967,694**	26,757,952
Airgead tirim	**2**	**735,758**	1,107,336
Cúlchiste comhionannaithe	**3**	**744,379**	770,499
Cuntas díbhinne		**618,108**	665,795
Cuntas dáileacháin		**-**	371,014
Cuntas muirear		**10,427**	21,067
Féichiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)		**61,104**	81,877
		27,137,470	29,775,540
Creidiúnaithe (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)	**4**	**(622,685)**	(691,239)
Glansócmhainní		**26,514,785**	29,084,301
Arna léiriú acu seo a leanas:			
Luach an Chiste		**26,514,785**	29,084,301
Líon na scaireanna arna eisiúint		**7,572,539**	7,881,921
Luach in aghaidh na scaire		**3.50**	3.69

Is cuid dhílis den ráiteas seo na nótaí tionlacain ar leathanaigh 13 - 14.

Ceadaithe ag Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn an .

Colm Gaynor
Coimisinéir

Francis D. Murphy
Coimisinéir

an 21 Samhain, 2013

RÁITEAS AR IONCAM AGUS AR CHAITEACHAS
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2011

	Nótaí	2011 €	2010 €
Ioncam infheistíochta	**5**	**1,155,107**	1,097,933
Ioncam úis ar thaiscí		**22,316**	23,042
Ioncam iomlán		**1,177,423**	1,120,975
Speansais bhainistíochta agus riaracháin	**6**	**(84,259)**	(83,469)
Glanioncam		**1,093,164**	1,037,506
Arna leithreasú mar seo a leanas			
Arna aistriú ó Chúlchiste Comhionannaithe		**7,253**	86,822
Arna athinfheistiú		**93,858**	1,133
Arna dháileadh		**992,053**	949,551
		1,093,164	1,037,506

B'ionann glanioncam in aghaidh na scaire don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2011 agus 14.45 cent (2010: 14.20 cent), bunaithe ar líon na scaireanna arna eisiúint ag an dáta sin.

Is cuid dhílis den ráiteas seo na nótaí tionlacain ar leathanaigh 13 - 14.

Ceadaithe ag Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn an .

Colm Gaynor_____ _Francis D. Murphy___
Coimisinéir **Coimisinéir**
an 21 Samhain, 2013

CUNTAS CAIPITIL
Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig, 2011

	2011	2010
	€	€
Glanioncam infheistíochta	**1,093,165**	1,037,506
Deonacháin arna dtabhairt ag carthanais	**36,819**	1,042,790
(Caillteanais)/gnóthachain réadaithe agus neamhréadaithe	**(1,074,342)**	679,750
	55,642	2,760,046
Fuascailtí		
Aistarraingtí arna ndéanamh ag carthanais	**(1,633,105)**	(1,098,463)
Suim arna dáileadh	**(992,053)**	(949,551)
	(2,625,158)	(2,048,014)
(Glanlaghdú)/glanmhéadú ar luach an Chiste	**(2,569,516)**	712,032
Luach an chiste ag tús na bliana	**29,084,301**	28,372,269
Luach an chiste ag deireadh na bliana	**26,514,785**	29,084,301

Is cuid dhílis den ráiteas seo na nótaí tionlacain ar leathanaigh 13 - 14.

Ceadaithe ag Coimisinéirí na dTabhartas agus na dTiomnachtaí Carthanúla d'Éirinn an .

Colm Gaynor
Coimisinéir

Francis D. Murphy
Coimisinéir

an 21 Samhain, 2013

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

1. Polasaithe suntasacha cuntasaíochta

Na príomhpholasaithe cuntasaíochta, ar cuireadh gach ceann díobh i bhfeidhm go seasta ar fud na bliana agus na bliana roimhe sin, tá siad leagtha amach thíos;

Bunús an Ullmhúcháin
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil de réir na bpolasaithe cuntasaíochta a bhfuil glacadh ginearálta leo in Éirinn agus léirítear in Euro iad.

Luacháil na nInfheistíochtaí
Luaitear infheistíochtaí ag luach margaidh, bunaithe ar phraghsanna meánmhargaidh an Stocmhalartáin ag am scoir ar na dátaí tuairiscithe.

Aitheantas Ioncaim
Ioncam díbhinne comhláine a fhaightear nó atá infhaighte i leith na n-urrús cothromais a shealbhaítear le linn na bliana, bunaithe ar an dáta ex-díbhinne, cuirtear san áireamh é sa Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas.

Aithnítear ús ar urrúis úis sheasta (méid comhlán lúide cáin) i dteannta úis ar thaiscí ar bhonn fabhruithe.

Pléitear le gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairt agus luacháil na n-infheistíochtaí sa Ráiteas ar Athruithe ar Luach an Chiste.

Déantar aonaid chiste arna n-eisiúint nó arna ndiúscairt a luacháil ag na luachálacha aonaid a sonraíodh ar an dáta luachála roimhe sin. Is iad an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig na dátaí luachála.

Airgeadra eachtrach
Aistrítear idirbhearta a bhíonn in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgid ainmnithe in airgeadraí eachtracha go euro ag na rátaí malairte a bhíonn i bhfeidhm ag an dáta a luaitear sa chlár comhardaithe. Pléitear le brabúis nó caillteanais ar thiontú agus aistriú sa Ráiteas ar Athruithe ar Luach an Chiste.

Conarthaí réamh-mhalairte
Ó am go chéile, téitear isteach in idirbhearta airgeadra réamh-mhalairte chun críche laghdú a dhéanamh ar an riosca airgeadra a bhaineann le sócmhainní thar lear a shealbhú. Ní sháraíonn méid na staide airgeadra réamh-mhalairte nó méid an fhálaithe na bunsócmhainní atá á bhfálú riamh.

2. Infheistíochtaí agus airgead tirim	**% den phunann**	**2011 €**	2010 €
Ús seasta na hÉireann	**1.7%**	**426,710**	569,336
Ús seasta eachtrannach	**35.9%**	**9,281,782**	9,334,747
Cothromas na hÉireann	**4.4%**	**1,114,502**	1,756,179
Réadmhaoin na hÉireann	**7.0%**	**1,793,277**	2,074,002
Cothromas na RA	**15.9%**	**4,094,836**	4,108,791
Cothromas thar lear	**32.2%**	**8,256,587**	8,914,897
		24,967,694	26,757,952
Airgead tirim	**2.9%**	**735,758**	1,107,336
		25,703,452	27,865,288

Déantar infheistíochtaí a luacháil ar an mbonn atá leagtha amach i nóta 1 ag na dátaí tuairiscithe ag iontaobhaithe na Scéime de réir Chlásal 9 den Scéim.

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

3. Cuntas cúlchiste comhionannaithe agus díbhinní

Léiríonn sé sin na glanchistí (lena n-áirítear ús) a d'aistrigh na hIontaobhaithe ó airgead tirim chuig Cúlchiste Comhionannaithe Díbhinní. Bunaíodh an cúlchiste sin de réir Chlásal 10 den Scéim le haghaidh dáileacháin ioncaim chuig na carthanais rannpháirteacha a rialáil. Faoi théarmaí Chlásal 10, is muirear ar an gCiste é méid an Chúlchiste Comhionannaithe Díbhinní. Faoi Chlásal 12 den Scéim, cuirtear an Cúlchiste Comhionannaithe Díbhinní san áireamh i luach shócmhainní iomlána an Chiste le haghaidh bunluach scaire sa Chiste a aimsiú.

4. Creidiúnaithe: (Suimeanna dlite laistigh de bhliain amháin)

	2011	2010
	€	€
Díbhinní iníoctha	**576,067**	608,011
Creidiúnaithe eile	**46,618**	83,228
	622,685	691,239

5. Ioncam infheistíochta

Cuimsíonn ioncam infheistíochta díbhinní a fhaightear agus atá infhaighte le linn na bliana as urrúis chothromais.

6. Speansais bhainistíochta agus riaracháin

	2011	2010
	€	€
Táillí bainistíochta infheistíochta	**61,855**	63,990
Táillí riaracháin	**3,072**	3,072
Eile	**19,332**	16,407
	84,259	83,469

7. An tSuim arna dáileadh

Rinne na hIontaobhaithe an t-ioncam a bhí ar fáil lena dháileadh a ríomh an 30 Meitheamh 2011 agus an 31 Nollaig 2011. Leithdháileadh an tsuim a raibh gach carthanas ina teideal ar na carthanais rannpháirteacha uile. Bhí an teidlíocht sin bunaithe ar líon na scaireanna a bhí i seilbh an charthanais sin ar na dátaí luachála faoi seach. Íocadh ioncam leis an gcarthanas nó athinfheistíodh sa Chiste é thar ceann an charthanais.

Is mar seo a leanas a bhí an dáileadh in aghaidh na scaire an 30 Meitheamh agus an 31 Nollaig:

	2011	2010
30 Meitheamh	**7.70c**	6.00c
31 Nollaig	**6.75c**	8.20c
	14.45c	14.20c

8. Cánachas

Ós rud é go bhfuil stádas díolúine ó cháin faoi dhlí na hÉireann ag carthanais atá rannpháirteach sa Chiste, ní thagann aon mhuirear cánach as ioncam an Chiste.

Ainmniúil	Ainm Urrúis	Luach €	Punann %
COTHROMAS			
ÉIRE			
15,900	ABBEY ORD EUR0.32	82,680	0.3%
75,757	AER LINGUS GROUP ORD EUR0.05	48,106	0.2%
51,665	C&C GROUP ORD EUR 0.01	148,279	0.6%
27,339	CRH ORD EUR0.32(LIOSTÚ BÁC)	419,927	1.6%
3,810	DCC ORD EUR0.25	69,647	0.3%
8,110	DRAGON OIL ORD EUR0.10	44,467	0.2%
8,290	FBD HLDG ORD EUR0.60	53,885	0.2%
14,015	GRAFTON GROUP UT (1 ORD 1 C ORD &	33,636	0.1%
4,450	KERRY GROUP A ORD EUR.125	125,869	0.5%
6,360	RYANAIR HLDGS ORD EUR0.00635	23,068	0.1%
115,080	TOTAL PRODUCE ORD EUR0.01	43,731	0.2%
19,150	UTV MEDIA PLC ORD GBP 0.05	21,207	0.1%
IOMLÁN MAIDIR LE COTHROMAIS ÉIREANNACHA		1,114,502	**4.4%**
COTHROMAS – LIMISTÉAR AN EURO			
AN GHEARMÁIN			
1,257	ALLIANZ SE - NPV (REGD)(VINKULIERT)	92,298	0.4%
1,129	BASF SE NPV	60,554	0.2%
1,023	BAYER AG ORD NPV (REGD)	50,332	0.2%
1,532	DEUTSCHE BANK AG NPV(REGD)	44,917	0.2%
10,429	DEUTSCHE TELEKOM NPV (REGD)	92,297	0.4%
1,830	DEUTSCHE WOHNEN AG NPV (BR)	18,842	0.1%
5,066	E.ON AG NPV	83,741	0.3%
457	FRESENIUS MED CARE NPV	23,993	0.1%
1,411	METRO AG ORD NPV	39,790	0.2%
2,793	SAP AG ORD NPV	114,290	0.4%
1,909	SIEMENS AG NPV(REGD)	140,949	0.5%
1,304	HENKEL AG&CO KGAA NON-VTG PRF	58,184	0.2%
178	MAN SE ORD NPV	12,211	0.0%
342	VOLKSWAGEN AG NON VTG PRF NPV	39,380	0.2%
750	THYSSENKRUPP AG NPV	13,314	0.1%
FO-IOMLÁN		885,092	3.5%

AN ÍSILTÍR			
5,634	AHOLD(KON)NV EUR0.30	58,622	0.2%
1,208	AKZ0 NOBEL NV EUR2	45,131	0.2%
2,163	ARCELOR MITTAL NPV	30,563	0.1%
12,708	ING GROEP NV CVA EUR0.24	70,657	0.3%
1,258	RANDSTAD HLDGS NV EUR0.10	28,758	0.1%
8,753	REED ELSEVIER NV EUR0.07	78,838	0.3%
4,166	ROYAL DUTCH SHELL A SHS EUR0.07	117,273	0.5%
2,041	UNILEVER NV CVA EUR0.16	54,229	0.2%
FO-IOMLÁN		484,071	1.9%
AN BHEILG			
2,453	ANHEUSER-BUSCH INB NPV	116,040	0.5%
FO-IOMLÁN		116,040	0.5%
AN FHRAINC			
325	AIR LIQUIDE(L`)	31,067	0.1%
5,041	AXA EUR 2.29	50,636	0.2%
1,552	BNP PARIBAS EUR2	47,103	0.2%
2,188	CAP GEMINI EUR8	52,829	0.2%
1,733	CIE DE ST-GOBAIN EUR4	51,409	0.2%
4,407	GAZ DE FRANCE EUR1	93,076	0.4%
918	L'OREAL EUR0.2	74,082	0.3%
839	LVMH MOET HENNESSY EUR0.30	91,786	0.4%
619	PERNOD RICARD NPV	44,358	0.2%
2,307	SANOFI EUR2	130,923	0.5%
1,483	SCHNEIDER ELECTRIC EUR 8	60,328	0.2%
338	SOC GENERALE EUR1.25	5,815	0.0%
4,028	TOTAL EUR2.5	159,106	0.6%
335	UNIBAIL-RODAMCO SE EUR5	46,532	0.2%
1,388	VIVENDI SA EUR5.5	23,485	0.1%
FO-IOMLÁN		962,535	3.8%
AN PHORTAINGÉIL			
3,524	GALP ENERGIA EUR1	40,103	0.2%
FO-IOMLÁN		40,103	0.2%

AN SPAINN			
9,591	BANCO SANTANDER EUR0.50 (REGD)	56,299	0.2%
3,282	REPSOL YPF SA EUR1	77,898	0.3%
FO-IOMLÁN		134,197	0.5%
AN IODÁIL			
13,715	ENEL EUR1	43,120	0.2%
5,630	PIRELLI & CO NPV	36,624	0.1%
FO-IOMLÁN		79,744	**0.3%**
IOMLÁN CHOTHROMAS LIMISTÉAR AN EURO		2,701,782	10.7%
COTHROMAS – AN RÍOCHT AONTAITHE			
AN RÍOCHT AONTAITHE			
17,138	ABERDEEN ASSET MGT ORD GBP0.10	43,498	0.2%
5,297	ABERFORTH SMLR COS ORD GBP0.01	31,772	0.1%
1,079	ANGLO AMERICAN USD 0.54945	30,732	0.1%
3,971	ASTRAZENECA ORD USD0.25	141,436	0.5%
1,970	AVIVA ORD GBP0.25	7,095	0.0%
35,558	BARCLAYS ORD GBP0.25	74,945	0.3%
11,882	BG GROUP ORD GBP0.10	195,812	0.8%
5,525	BHP BILLITON PLC ORD USD0.50	124,190	0.5%
43,591	BP ORD USD0.25	240,326	0.9%
6,062	BRIT AMER TOBACCO ORD GBP0.25	221,754	0.9%
39,928	BT GROUP ORD GBP0.05	91,255	0.4%
2,818	BURBERRY GROUP ORD GBP0.0005	39,979	0.2%
7,059	C&C GROUP ORD EUR 0.01	20,118	0.1%
4,172	CAIRN ENERGY PLC ORD GBP0.006154	13,251	0.1%
26,892	CENTRICA ORD GBP0.061728395	93,142	0.4%
13,109	COMPASS GROUP ORD GBP0.10	95,892	0.4%
6,191	DIAGEO ORD GBX28.935185	104,249	0.4%
5,167	DRAGON OIL ORD EUR0.10	28,317	0.1%
7,013	EXPERIAN ORD USD.10	73,508	0.3%
13,105	GLAXOSMITHKLINE ORD GBP0.25	230,871	0.9%
38,591	HSBC HLDGS ORD USD0.50(UK REG)	226,874	0.9%
3,392	IMPERIAL TOBACCO ORD 10P	98,884	0.4%
17,250	INTL CONS AIRLINE ORD EUR0.50	30,441	0.1%

235	ISHARES FTSE 250 FUND	2,789	0.0%
68,568	ITV ORD GBP0.10	55,945	0.2%
24,883	KINGFISHER ORD GBP0.157142857	74,684	0.3%
51,853	LEGAL & GENERAL GP ORD GBP0.025	63,817	0.2%
40,299	LLOYDS BANKING GROUP ORD GBP	12,498	0.0%
41,529	LOGICA CMG PLC	30,677	0.1%
1,021	LYXOR INTL AM ETF FTSE ALL SHARE	3,766	0.0%
23,787	MORRISON (W) SUPRMKT ORD GBP0.10	92,896	0.4%
604	NEXT ORD GBP0.10	19,792	0.1%
2,222	PEARSON ORD GBP0.25	32,188	0.1%
7,091	PREMIER FARNELL ORD GBP0.05	15,281	0.1%
8,012	PRUDENTIAL ORD GBP 0.05	61,246	0.2%
10,792	REED ELSEVIER ORD GBP0.1444	67,057	0.3%
4,407	RIO TINTO ORD GBP0.10	164,879	0.6%
6,558	ROYAL BANK OF SCOTLAND GROUP	1,585	0.0%
4,455	ROYAL DUTCH SHELL 'B'SHS EUR0.07	130,886	0.5%
8,156	ROYAL DUTCH SHELL A SHS EUR0.07	231,516	0.9%
1,659	SABMILLER ORD USD0.10	45,017	0.2%
12,964	SENIOR ORD GBP0.10	26,540	0.1%
1,503	SEVERN TRENT ORD GBP0.9789	26,920	0.1%
4,248	SHAFTESBURY ORD GBP0.25	23,761	0.1%
4,598	SMITH & NEPHEW ORD USD0.20	34,432	0.1%
5,212	STANDARD CHARTERED ORD USD0.50	87,921	0.3%
11,944	TESCO ORD GBP0.05	57,692	0.2%
1,795	TULLOW OIL ORD GBP0.10	30,129	0.1%
1,455	UNILEVER PLC ORD GBP0.031111	37,679	0.1%
117,618	VODAFONE GROUP ORD	251,917	1.0%
1,353	WEIR GROUP ORD GBP0.125	32,915	0.1%
1,049	WOLSELEY ORD GBP0.10	26,775	0.1%
7,968	XSTRATA PLC ORD USD0.50	93,295	0.4%
IOMLÁN CHOTHROMAS NA RÍOCHTA AONTAITHE		4,094,836	15.9%

COTHROMAS – TÍORTHA EILE SAN EORAIP

AN IORUA

23199	NORSK HYDRO ASA NOK1.098	83,042	0.3%
FO-IOMLÁN		83,042	0.3%

AN tSUALAINN			
2,258	ATLAS COPCO AB SER A NPV	37,555	0.1%
3,403	ERICSSON(LM)TEL SER'B' NPV	26,922	0.1%
1,028	MODERN TIMES GROUP SER B NPV	37,984	0.1%
10,573	SKAND ENSKILDA BKN SER 'A' NPV	47,634	0.2%
6,277	SWEDBANK AB SER 'A' NPV	62,886	0.2%
3,508	TELE2 AB SER 'B' NPV	52,786	0.2%
FO-IOMLÁN		265,767	0.9%
AN EILVÉIS			
6,103	ABB LTD CHF 1.03(REGD)	88,893	0.3%
877	ADECCO SA CHF1 (REGD)	28,431	0.1%
3,677	GAM HOLDING AG CHF0.05 (REGD)	30,898	0.1%
1,676	JULIUS BAER GRUPPE CHF0.02(REGD)	50,728	0.2%
2,607	NESTLE SA CHF.1(REGD)	115,978	0.4%
4,277	NOVARTIS AG CHF 0.50 (REGD)	189,213	0.7%
1,338	ROCHE HLDG AG GENUSSCHEINE NPV	175,484	0.7%
10,240	UBS AG CHF0.1	94,315	0.4%
277	ZURICH FINL SVCS CHF 0.10	48,493	0.2%
FO-IOMLÁN		822,433	3.1%
IOMLÁN COTHROMAS TÍORTHA EILE SAN EORAIP		1,171,242	4.3%

COTHROMAS - SAM

1,187	ANADARKO PETROLEUM CORP COM	69,795	0.3%
826	APACHE CORP COM USD0.625	57,636	0.2%
708	APPLE INC COM NPV	220,887	0.9%
3,406	AT&T INC COM USD1	79,343	0.3%
3,145	BANK OF AMERICA CP COM USD0.01	13,471	0.1%
1,403	CARDINAL HEALTH COM NPV	43,891	0.2%
296	CATERPILLAR INC COM USD1	20,659	0.1%
909	CH ROBINSON WORLDW COM USD0.1	48,863	0.2%
1,247	CHEVRON CORP COM USD 0.75	102,209	0.4%
201	CHIPOTLE MEXICAN G COM USD0.01	52,295	0.2%
3,650	CISCO SYSTEMS COM USD0.001	50,836	0.2%
2,344	CITIGROUP INC COM STK USD0.01	47,507	0.2%

1,062	COCA-COLA CO COM STK USD0.25	57,243	0.2%
778	COVIDIEN PLC USD0.20(POST	26,976	0.1%
568	CREE INC COM USD 0.00125	9,643	0.0%
849	CROWN HOLDINGS INC COM USD5	21,962	0.1%
314	DEERE & CO COM USD1	18,710	0.1%
773	DEVRY INC COM USD0.01	22,902	0.1%
1,204	DOLBY LABORATORIES COM STK	28,298	0.1%
1,171	DOLLAR TREE INC COM USD0.01	74,971	0.3%
1,581	EMERSON ELECTRIC COM USD 0.50	56,742	0.2%
2,353	EXXON MOBIL CORP COM NPV	153,636	0.6%
2,079	GEN MILLS INC COM US¢ 0.10	64,718	0.3%
5,567	GENERAL ELECTRIC CO(U.S.) COM STK	76,806	0.3%
1,953	GILEAD SCIENCES COM USD0.001	61,579	0.2%
256	GOLDMAN SACHS GRP COM USD0.01	17,833	0.1%
126	GOOGLE INC COM USD0.001 CL'A'	62,693	0.2%
829	GREENHILL & CO COM USD0.01	23,227	0.1%
1,145	HARLEY DAVIDSON COM USD0.01	34,284	0.1%
1,080	HEWLETT-PACKARD CO COM STK US!1	21,432	0.1%
2,037	INTEL CORP COM STK USD0.001	38,052	0.1%
465	INTERCONTINENTALEX COM STK	43,182	0.2%
992	INTL BUSINESS MCHN COM USD0.20	140,517	0.5%
1,872	JOHNSON & JOHNSON COM STK USD1	94,571	0.4%
3,429	JP MORGAN CHASE COM USD1	87,830	0.3%
1,244	LANDSTAR SYSTEMS COM USD0.01	45,922	0.2%
2,316	MARKET VECTORS ETF GOLD MINES	91,756	0.4%
2,410	MARSH & MCLENNAN COS INC COM	58,703	0.2%
1,196	MCDONALD'S CORP COM USD0.01	92,437	0.4%
932	MEAD JOHNSON NUTRI COM USD0.01	49,345	0.2%
945	MEDNAX INC COM USD 0.01	52,421	0.2%
2,527	MERCK & CO INC NEW COM USD0.50	73,389	0.3%
2,630	METLIFE INC COM USD0.01	63,170	0.2%
2,132	MICROCHIP TECHNLGY COM USD0.001	60,160	0.2%
1,474	MICROSOFT CORP COM	29,477	0.1%
841	MONSANTO COM USD0.01	45,395	0.2%
1,472	NATL OILWELL VARCO COM USD0.01	77,097	0.3%
4,146	NEWELL RUBBERMAID COM USD1	51,580	0.2%
926	NOBLE CORP COM CHF3.28	21,556	0.1%
603	NORFOLK STHN CORP COM USD1	33,845	0.1%
1,403	NORTHERN TRUST CP COM USD1.666	42,864	0.2%
5,871	ORACLE CORP COM USD 0.01	116,007	0.5%
2,031	PHILIP MORRIS INTL COM STK NPV WI	122,786	0.5%
3,163	POOL CORPORATION COM USD0.001	73,342	0.3%
1,176	PROCTER & GAMBLE CO COM STK NPV	60,434	0.2%
2,807	PUBLIC SERVICE ENT COM NPV	71,379	0.3%
2,539	SOUTHERN CO USD5	90,538	0.4%
1,258	STRYKER CORP COM USD0.10	48,173	0.2%

844	TEREX CORP COM USD0.01	8,783	0.0%
1,628	TEVA PHARMA IND ADR(CNV 1 ORD	50,616	0.2%
1,590	THERMO FISHER SCIE COM USD1	55,081	0.2%
1,817	TJX COS INC COM USD1	90,351	0.4%
855	ULTA SALON COM STK USD0.01	42,759	0.2%
446	UNITED TECHNOLOGIES CORP COM STK	25,112	0.1%
4,129	US BANCORP COM USD0.01	86,039	0.3%
1,839	VERIZON COMMUN COM USD0.10	56,836	0.2%
688	VF CORP COM NPV	67,304	0.3%
2,564	WAL-MART STORES IN COM USD0.10	118,035	0.4%
1,941	WALGREEN CO COM USD 0.078125	49,432	0.2%
1,071	WALT DISNEY CO. DISNEY COM	30,939	0.1%
590	WATERS CORP COM USD0.01	33,655	0.1%
4,490	WEATHERFORD INT LT CHF0.01	50,637	0.2%
1,254	WEBMD HEALTH CORP COM USD0.01	36,273	0.1%
1,946	WELLS FARGO & CO COM STK USD1	41,315	0.2%
372	3M COMPANY COM USD0.01	23,421	0.1%
	IOMLÁN CHOTHROMAS SAM	4,383,563	17.2%
	IOMLÁN AN CHOTHROMAIS AR FAD	13,465,925	52.5%

BANNAÍ – ÉIRE

ÉIRE

45,290	BANK OF IRELAND UTS N-C EUR TOS.	203,805	0.8%
91,855	(POBLACHT) NA hÉIREANN 8 1/4%	91,977	0.4%
143,000	1ST ACTIVE 11.375% FO-BHANNAÍ	130,928	0.5%
	IOMLÁN BHANNAÍ NA hÉIREANN	426,710	1.7%

BANNAÍ – LIMISTÉAR AN EURO

AN GHEARMÁIN

1580000	(POBLACHT CHÓNAIDHME) NA GEARMÁINE 6% BDS	1,992,970	7.8%

AN ÍSILTÍR

1,062,000	RIALTAS NA hÍSILTÍRE 7.5% BDS 15/01/2023	1,666,830	6.5%

AN BHEILG

400,000	(RÍOCHT) NA BEILGE 8% BDS 28/3/15	486,330	1.9%

AN FHRAINC

2685000	(RIALTAS) NA FRAINCE 8 1/2% BD 26/12/20	2,903,418	11.3%
1,285,000	(RIALTAS) NA FRAINCE 8 1/2% 25/10/2019	1,808,750	6.9%
AN OSTAIR			
310,000	AUSTRIA (REP OF) 6.25% BDS 15/7/202	423,484	1.5%
IOMLÁN BHANNAÍ LIMISTÉAR AN EURO		9,281,782	35.9%
IOMLÁN NA mBANNAÍ		9,708,492	37.6%
RÉADMHAOIN - ÉIRE			
ÉIRE			
2850	IONTAOBHAS AONAD RÉADMHAOIN NA hÉIREANN	1,793,277	7%
IOMLÁN NA RÉADMHAOINE		1,793,277	7%
AIRGEAD TIRIM – LIMISTÉAR AN EURO			
LIMISTÉAR AN EURO			
173985	LEACHTACHT AIB (M)	717,448	2.8%
18318	EURO	18,310	0.1%
IOMLÁN AIRGEAD TIRIM LIMISTÉAR AN EURO		735,758	2.9%
IOMLÁN AN AIRGID THIRIM		735,758	2.9%
IOMLÁN		25,703,452	100%